Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5355/24**

**ECOFIN 39**
**UEM 8**
**STATIS 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/Comhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gceaptar an comhalta nua a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle ar an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (CCSE)<br>- Glacadh |

1. Bunaíodh an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (CCSE), le Cinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008. Is é is cuspóir dó cur le dlúthchomhar i bpróiseas pleanála na gclár chun rialachas an Chórais Staidrimh Eorpaigh a fheabhsú agus cáilíocht staidrimh an Chomhphobail a fheabhsú.

2. I gcomhréir le hAirteagal 4(b)(ii) den Chinneadh thuasluaite, ceapfaidh an Chomhairle comhalta amháin de CCSE go díreach.

3. Ní féidir athnuachan a dhéanamh arís ar ionadaí reatha Chomhairle an Aontais Eorpaigh chuig CCSE, Maurizio VICHI, a chuir a chéad téarma oifige 5 bliana isteach ó mhí an Mhárta 2013, agus a athnuadh i mí Aibreáin 2018 go ceann téarma 5 bliana eile.

4. An 12 Nollaig 2023, mhol an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais don Chomhairle Ylva HEDÉN WESTERDAHL a cheapadh mar an comhalta nua a dhéanann ionadaíocht ar an gComhairle sa Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (ESAC).

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh, mar a leagtar amach in 16921/23 é agus bailchríoch curtha ag dlítheangeolaithe air, a ghlacadh mar 'mhír -A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo agus an Cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.